Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Laidin

Ardleibhéal

**1.** Freagair Roinn A **nó** Roinn B sa cheist seo:- **[75]**

*Cuirfear scéim mharcála dhearfach i bhfeidhm. Bronnfar marcanna ar iarrthóirí i ndáil le gach focal a aistreofar go cruinn. Leithroinnfear na marcanna as raon ó leathmharc (1/2) go dhá mharc (2).*

**A.** Cuir Laidin air seo:-

½ ½ 1 2 ½ ½ 1 ½ 2½

Nuair a bhí roinnt mhaith laethanta caite ag Galba sa champa seo, d'inis a chuid

1 2 1 ½ 1 ½ 2

scabhtaí dó gur chúlaigh na Gallaigh i rith na h'oíche agus gur imigh siad ar

½ 1 ½ ½ 2 ½ 1

aghaidh chuig na sléibhte in aice leo. Dá bhrí sin, d'ordaigh Caesar dá mharcshlua

1 2½ ½ 2½ 1 ½ ½ 2 1

a n-airm a ullmhú agus dul amach ag meán lae chun an áit ar ghlac an namhaid

2 2 1 2 3½ 1

suíomh a aimsiú. Ba mhian leis iad a ionsaí a chaoi nach mbainfidís an abhainn amach.

2 ½ 1 1 1 1 ½ 2 1

Ní raibh aon bháíd ag saighdiúirí coise Galba. Mar sin, dá dtrasnódh an namhaid

1 ½ 2 2 1 1 2

an abhainn, ní bheidís in ann dul sa tóir orthu. Bhí na Gallaigh imithe chun cinn

½ ½ ½ ½ 1 2½ 1 2 ½ ½

chomh tapa sin, áfach, nach raibh an marcshlua in ann iad a aimsiú an lá sin.

**NÓ**

**1. B**.

**(i)** Rinneadh gach ar féidir chun an dúnfort a chosaint **(3)** chuaigh na seanóirí abhaile **(3)**

**(ii)** Bhí siad daingean diongbháilte (ceanntréan) **(4)** go bás. **(2)**

**(iii)** Sna róbaí a chaith siad nuair a bhí rath orthu roimhe sin **(5)** ar shuíocháin eabhair, i lár an tí **(3+2)**

**(iv)** Toisc gur throid siad cath nár chuir mórán stró orthu; nó shuaimhnigh an oíche iad **(6)**
**(v)** Ní raibh siad feargach(4), lasánta **(2)**
**(vi)** Bhí fir ina suí sna hallaí / bhí siad ag caitheamh éadaí mórga / an-chosúil le déithe / dínit le feiceáil ar a n-aghaidh **(4+3+3)**
**(vii)** Toisc gur chuimil sé a fhéasóg **(6)**
**(viii)** D'éirigh sé feargach (3)agus chuir sé tús leis an marú **(3)**
**(ix)** Maraíodh iad san áit ina raibh siad ina suí **(5)**
**(x)** Níor ligeadh a bheo le haon duine / scriosadh foirgnimh / lasadh tinte **(4+4)**
**(xi)** Cuir síos mionsonraithe / mothú dráma **(3+3)**

**C2.** **A** **[130]**

**(i)** haud…..Palinurus **5/** et…..captat **7**/ sidera…..caelo **6**/ armatumque…..Oriona **6**/ postquam…..sereno **6**/ dat…..signum **3**/ nos…..alas **9/** iamque…..fugatis **6**/ cum…..Italiam **7**/ Italiam…..Achates **5/** Italiam…..salutant **5**/.

**(ii)** mons…..rari **6**/ hinc…..aquis 6/ ascendo…..meo **11**/ inde…..Noto **12**/ aut…..putarem **6/** frigidior…..fui **6/** nec…..dolor **5**/ excitor…..voco **7**/ quo…..Theseu **6**/.

**B.**

**(i)** Ipse…..absumpsit **10**/ primo…..decurrerunt **7/** secundo…..sunt **6**/ tertio…..iaculati sunt **10**/ quarto…..data **3**/ quinto…..est **4**/ hunc…..servaverunt **8**/ remigium…..evecti **4/** agilitatem…..experiebantur 5/ haec…..acuebant **8**/.

**(ii)** Hanc…..fideles **8**/ sed…..civitate **6/** Chrysas…..fuit **5**/ is…..colitur **5**/ fanum…..Hennam **6**/ in…..marmore **5**/ id….ausus est **8**/ Tlepolemo…..negotium **3**/ illi. ...frangunt **6**/ aeditumi…..sentiunt **4**/ signum…..datur 4/ homines…..Tlepolemus **5**/

**C3 A**.

**(i)** **(60)**

Eos…..transgressos **6**/ ne…..transmisse **13**/ militia…..esse 8/ Saguntum…..esse **6**/ Romam…..moretur **8**/ cepisse…..desperet **6**/ proinde…..victae **6**/ aut…..Romanis **7**.

**(ii)** **(30)**

**(a)** Do mheas as **10**
**(b)** Do mheas as **10**
**(c)** **5+5**
**(d)** Trasnú **2**. Cúiseanna **4+4**
**(e)** **5+5**

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

**(a)** Bhí eagla ar dhaoine roimh bhagairt na gCartagach a bhí ag trasnú na hEabró agus ag mealladh cuid mhór Spáinneach chucu. Mheas an Seanad go mbeadh orthu an domhan ar fad a throid san Iodáil faoi bhallaí na Róimhe.
**(b)** Nuair ba thoscaire chun na Cartaige é le fógra deiridh ó na Rómhánaigh agus nuair a bhí sé ag freagairt do dhúshlán cogaidh na gCartagach.
**(c)** Réitigh Hannabal díospóid idir bheirt deartháireacha a bhí ag dul chun coimhlinte lena chéile faoin gceannas . Thug sé cumhacht ar ais don deartháir is sine, Brancus, de réir mheon an tseanaid agus na dtaoiseach. Fuair sé soláthairtí ar son a idirghabhála.
**(d)** D'éirigh nó níor éirigh leis. D'éirigh leis — bhuaigh sé ceithre chath mhóra / chuir sé an Róimh agus ar an seanad ar a nglúine.. Níor éirigh leis — níor éirigh leis an Róimh a chur faoi chois / níor bhain sé aon rud amach dá thír dhúchais.
**(e)** Dhá shampla ar bith. D'úsáid sé sleachta beoga tuairisciúla — e.g. Hannabal ag trasnú na Róine / D'úsáid sé óráidí chun anam a chur sa saothar — sampla ar bith.

**3B.**

**(i)** **(60)**

Audite…..ferimus **8**/ Rutuli…..conticuere **3**/ locum…..ponto **7**/ interrupti…..erigitur **4**/ si…..Pallantea 7/ mox…..cernetis 5/ nec…..euntes **3**/ vidimus…..amnem 7/ hic…..Aletes **4**/ di…..est **4**/ non…..paratis **4**/ cum…..pectora **4**/.

**(ii)** **(30)**

**(a)** Do mheas as **10**.
**(b)** **5+5**
**(c)** Aontaíonn/ní aontaíonn 2. **4+4**
**(d)** Do mheas as **10**
**(e)** **5+5**

**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*

**(a)** Bhí Nisus agus Euryalus ag labhairt le hAscanius agus leis na seanóirí maidir lena gcuid pleananna i dtaobh líne an namhad a bhriseadh chun Aeinéas a ghairm.
**(b)** Bhí Aeinéas i gcathair Pallanteum ag lorg cabhrach óna rí Evander agus é ag sracadh le Turnas.
**(c)** Aontaíonn/ní aontaíonn. Méala (brón) mháthair Euryalus nuair a chuala sí gur cailleadh é; tagraíonn an cur síos a dhéanann Veirgil ar an marú do mhéid an mharfaigh ar bhealach dímheasúil.
**(d)** Rinne Aeinéas na longa as péine ó gharrán Cybele. Theastaigh ó Cybele go mbeadh na longa slán ar stoirmeacha agus ar raic ach níorbh é sin a bhí i ndán dóibh. Ceadaíonn Iúpatar na longa a bhain an Iodáil amach a athrú ina nimfeacha mara tar éis dóibh tumadh isteach san abhainn.
**(e)** Tá Turnas umhal do na déithe (líne 21)/ cróga i measc a chuid fear sa líne chatha / barbartha sa chaoi ar chuir sé longa na dTraíoch trí thine.

**C4.** **[30]**

**(i)** **4+3+3.**

**(ii)** (**2+1+1**) suas go 10 ar a mhéad. (**2+2** le haghaidh soleo / nascor)

**(iii)** Meadaracht **2** mharc. -2 le haghaidh siollaí ar bith atá mícheart

**C5.** **[75]**

**A.**

**(i)** Cúiseanna agus Tábhacht. (**5+5+5+5+5**) Dhá phointe faoi chúiseanna agus dhá phointe faoi thorthaí.

**(ii)** Cuntas (**7+6+6).** Aontaíonn/Ní aontaíonn **2**. Cúis **4**

**(iii)** **7+6** (**4+3** agus **3+3**) agus **6+6** (**3+3** agus **3+3**)

**B.**

**(i)** Saol **4+3+3**. Scríbhinní **4+3+3.** Cé acu **2**. Cúis **3**

**(ii)** **7+6+6+6**. Dhá shampla ar a laghad

**(iii)** **(a)** Gnéithe **5+4.** Sampla tipiciúil de dhealbhóireacht na Róimhe **4**

**(b)** Scil **4**. Mósáic eile **4+4**

**(c)** An foirgneamh a ainmniú **2**. Dhá ghné **5+5**

<u>**Nótaí Táscacha**—*D'fhéadfadh na hiarrthóirí pointí bailí eile a dhéanamh seachas iad siúd a liostaítear sna nótaí seo*</u>

**A.** (i) **Actium** — Bhí Antaine faoi dhraíocht ag Cléópátra; agus rinne sé gaisce as a bheith ina fhorlámhaí oirthearach, bhí teannas ag méadú idir Antaine agus Octáivian; a luaithe agus a aistríodh Lepidus as a áit mhéadaigh an teannas idir an dá phríomhcharachtar; phós Antaine Cléópátra sula bhfuair sé colscaradh ó Octavia fiú agus ba léir gur tugadh masla d'Octáivian leis sin; thug bardais san Iodáil mionn dílseachta d'Octáivian go pearsanta; d'fhógair an seanad cogadh ar Antaine faoi dheireadh. Tábhacht: Fágadh Octáivian ina rialtóir gan fhreasúra ar an domhan Rómhánach; scriosadh ríshliocht Tholamaes agus rinneadh proibhinse Rómhánach den Éigipt.

(ii) **Veaspáisian**: chuir sé an smacht ar bun arís tar éis anord 69AD; éirí amach Civilis; ról méadaithe ag proibhinsí; chuidigh sé leis an Laidin a scaipeadh; bhunaigh sé scoileanna; bóithre agus oibreacha poiblí; shrian sé caiteachas. An t-impire ba thábhachtaí d'impirí theaghlach Flavius - chuir sé suaimhneas agus an tsíocháin ar bun arís tar éis na mblianta cogaidh; chuir sé borradh faoi thionscadail tógála; mhéadaigh sé saibhreas na himpireachta trí chánacha.

(iii) **Séánas:** Maor an Gharda Phraetóirigh ba ea é, baint aige le bás Drusus, mac Thibir; rinne sé géarleanúint ar theaghlach agus ar chairde Ghearmánacas; riar sé ré uafáis fad a bhí Tibir in Capri; maraíodh é nuair a caitheadh de charraig Tarpeia é. **Agrippina:** iníon Ghearmánacas ba ea í; bean

chéile agus neacht Chláidias; máthair Néaró; tá seans ann gur mharaigh sí Brittanicus; rinne sí iarracht rialú trí Néaró; tuargnaíodh go bás í ar orduithe ó Néaró; **Olldóiteán na Róimhe**; tharla sé in 64AD; bhris sé amach i roinnt siopaí thart faoin Circus Maximus; bhí tithe déanta as adhmad den chuid is mó agus tógtha ar shráideanna an-chúng; bhí an tine ann ar feadh naoi lá; scriosadh cuid mhór den chathair; chuir Néaró an locht ar Chríostaithe faoin tine. **Gearmánacas:** mac Drusus; ginearál mór ba ea é agus bhí na trúpaí buíoch dó; throid sé i gceantar na Réine agus bhí sé dílis do Thibir riamh; d'athghair Tibir é agus fearadh caithréim air ; d'iarr Tibir ar Phiso bheith ag faire amach do Ghearmánacas a cailleadh go fáthrúnda sa tSiria agus tá seans ann gur thug Piso nimh dó.

**B.** (i) Saol **Óivid:** rugadh é 43 bliain roimh Chríost; rinne sé staidéar ar an dlí agus ar an reitric; theastaigh óna athair go mbeadh sé ina chléireach ach chaith sé a chuid ama leis an bhfilíocht; phós sé trí huaire; bhí iníon amháin aige; dhíbir Ágastas go Tomi é; cailleadh ansin é i 17AD. Scríbhinní: aon cheann de na catagóirí filíochta cosúil le *Metamorphoses* nó *Heroides*; dán ar leith; friotal ; stíl, tionchar. Saol **Chicearó:** rugadh é in Arpinum; rinne sé a bhealach mar novus homo; rinne sé staidéar sa Róimh agus san Aithin; phós sé Terentia; bhí sé i seilbh oifigí éagsúla lena n-áirítear consal i 63 R.Ch.; bhí sé páirteach sa Chomhcheilg Chaitilíneach; maraíodh é ar orduithe ó Antaine. Scríbhinní; óráidí; scríbhinní ar reitric; litreacha; scríbhinní ar fhealsúnacht; friotal , stíl. An ceann roghnaithe: cúis bhailí ar bith.

(ii) **An Paintéón:** soilsiú trí chuasa balla; struchtúr an chruinneacháin; éiríonn na painéil níos lú de réir mar a théitear i dtreo na buaice; cheapfaí go rabhthas ar foluain sa spás; dealbha i gcuasáin; an t-urlár; úsáid marmair; tiús na mballaí.

(iii)

(a) **Dealbhóireacht portráide**: gravitas; dignitas; tugtar aire do mhionsonraí. Is sampla tipiciúil de dhealbhóireacht na Róimhe é — réalachas, taispeántar daoine le roic, etc.
(b) Scil an mhósáicígh — aire do mhionsonraí; in ann beocht a chur sa mhósáic. Cur síos ar aon mhósáic Rómhánach eile
(c) **Colasaem**. Boghtaí faoin struchtúr; úsáid áirsí; colúin; na suíocháin; scáthbhrat.